Bloc K3,
Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad,
Co. Chill Dara,
W23 XN75

A Mhúinteoir, a chara,

Tá mé ag scríobh chugat maidir leis an gcomhairliúchán poiblí don Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge agus guth na ndaltaí a chur san áireamh.

Ba mhór linn dá ndéanfá ceann de na gnímh thíos le do rang roimh 16 Eanáir.

Moladh 1:	*(Seol chuig POLG@education.gov.ie)*
Físeán a thaifead ina bhfuil daltaí ag cur a gcuid moltaí in iúl	
Moladh 2:	*(Seol chuig POLG@education.gov.ie)*
Comhairle na nDaltaí a chur i gceannas ar **dhíospóireacht** a eagrú. Seol na moltaí is fearr ón díospóireacht ar ríomhphost chuig An Roinn Oideachais.	
Moladh 3:	*(Seol chuig POLG@education.gov.ie)*
Litir ranga a ullmhú, í sínithe ag gach duine sa rang.	

Is féidir smaointí a spreagadh i measc na ndaltaí leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas is féidir tuismitheoirí a spreagadh chun gaelscoil a roghnú?
2. An bhfuil gá le níos mó naíonraí, gaelscoileanna agus gaelcholáistí?
3. Conas is féidir linn an scoil seo a dhéanamh níos fearr?
4. Cad is féidir a dhéanamh chun fáilte a chur roimh gach duine sa scoil (daoine ó thíortha eile, daoine ó theaghlaigh dhifriúla, daoine le riachtanais bhreise)?
5. Cad is féidir a dhéanamh chun nasc níos láidre a dhéanamh idir an scoil agus pobal na Gaeilge?

Le do thoil, roinn saothar na ndaltaí ar na meáin shóisialta agus cuir clib ar An Foras Pátrúnachta.

Mura raibh deis agat do thuairimí féin a thabhairt mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar an bPolasaí don Oideachas lán-Ghaeilge, tá freagraí samplacha & gach eolas ag www.foras.ie/polg.

Tá mé fíorbhuíoch as do chabhair ag an am ghnóthach seo.

Caoimhín Ó hEaghra
Ard-Rúnaí.